CINNTÍ

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) 2021/135 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2020

lena bhforlíontar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le coinníollacha mionsonraithe maidir le glanráta soláthair an chiste don soláthar coiteann a ríomh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 213(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 212(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ("an Rialachán Airgeadais") coinneofar na soláthairtí a dhéantar chun na dliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais a chumhdach i gciste don soláthar coiteann. Leithdháilfear acmhainní an chiste don soláthar coiteann i rannáin a chomhfhreagraíonn do gach ceann de na hionstraimí ranníocaíochta sin. De bhun Airteagal 213(1) den Rialachán Airgeadais, beidh soláthar na ráthaíochtaí buiséadacha agus an chúnaimh airgeadais chuig tríú tíortha sa chiste don soláthar coiteann bunaithe ar ghlanráta soláthair.

(2) Ba cheart an glanráta soláthair a bhunú ar bhonn na rátaí tosaigh soláthair a chinntear ar leithligh do gach ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais do thríú tíortha de bhun Airteagal 211(2). De bhun Airteagal 213(2) den Rialachán Airgeadais, níor cheart feidhm a bheith aige ach amháin maidir le méid na n-acmhainní sa chiste don soláthar coiteann dá bhforáiltear chun glaonna ráthaíochta a íoc thar thréimhse bliana. Beidh feidhm ag an nglanráta soláthair maidir leis na rannáin ar fad sa chiste don soláthar coiteann ar féidir leo dliteanas teagmhasach a chruthú do bhuiséad an Aontais.

(3) An mhodheolaíocht chun an glanráta soláthair a ríomh, ba cheart é a bheith bunaithe ar mhodhanna atá leagtha síos chun rioscaí creidmheasa a thomhas agus a bhainistiú, ar modheolaíochta iad a úsáidtear go forleathan san earnáil airgeadais. Braitheann na modhanna sin go mór ar mheastachán ar dháileadh caillteanais na punainne creidmheasa ar leithligh agus i gcomhpháirt le chéile do gach ionstraim rannchuidithe. Leis an modheolaíocht dírítear go háirithe ar mheasúnú a dhéanamh ar dhá chomhpháirt den riosca creidmheasa – caillteanais a bhfuil coinne leo agus caillteanais gan choinne.

(4) Ba cheart don ghlanráta soláthair na tairbhí a léiriú a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais a chomhthiomsú do thríú tíortha a bhfuil próifílí riosca éagsúla agus patrúin sreafaí airgid éagsúla acu. Dá bhrí sin, ba cheart an mhodheolaíocht chun leibhéal an ghlanráta soláthair sa chiste don soláthar coiteann a bhunú ar choincheap éagsúlaithe, lena bhféadfaí barrfheabhsú a dhéanamh ar an leibhéal soláthair a cheanglaítear le bunghníomhartha na n-ionstraimí ranníocaíochta faoi seach.

(5) Is ionchur tábhachtach é comhghaolú na gcaillteanas idir rannáin laistigh den chiste don soláthar coiteann chun an glanráta soláthair a chinneadh. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige láidir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an chomhghaoil idir rannáin.

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

(6) Is é an glanráta soláthair a bheidh mar thagairt ag an gCoimisiún chun na ranníocaíochtaí ón mbuiséad don soláthar de bhun Airteagal 211(4)(a) den Rialachán Airgeadais a ríomh, chun aon athshlánú a dhéanamh ar an gciste don soláthar coiteann de bhun Airteagal 213(4)(b) den Rialachán Airgeadais nó chun aon bharrachas soláthairtí de bhun Airteagal 213(4)(a) den Rialachán Airgeadais a thabhairt ar ais sa bhuiséad i gcás gach ionstraime ranníocaíochta ar leithligh. Dá bhrí sin, ba cheart do bhainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann ("an bainisteoir airgeadais") an glanráta soláthair a ríomh i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 213(1) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an glanráta soláthair leibhéal cosanta a sholáthar in aghaidh dhliteanais airgeadais an Aontais atá coibhéiseach leis an leibhéal a sholáthrófaí leis na rátaí soláthair faoi seach dá ndéanfaí na hacmhainní a choinneáil agus a bhainistiú ar leithligh. Mura bhfuil an fhaisnéis is gá ar fáil ina hiomláine chun an glanráta soláthair a chinneadh ar bhealach stuama, ba cheart cead a bheith ag an mbainisteoir airgeadais an glanráta soláthair a shocrú ag 100 %, mar bheart coimirce chun comhlíonadh an Airteagail sin a áirithiú.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 282(3)(g) den Rialachán Airgeadais, ní bheidh feidhm ag Airteagal 213 den Rialachán sin maidir leis an nglanráta soláthair ach amhail ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo amhail ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don bhainisteoir airgeadais:

(a) réamhaisnéisí ar insreafaí agus ar eis-sreafaí le haghaidh rannáin ábhartha an chiste don soláthar coiteann don tréimhse ábhartha;

(b) faisnéis ábhartha eile is gá chun leordhóthanacht an tsoláthair a chinneadh, bunaithe ar an modheolaíocht do ríomh an ghlanráta soláthair.

2. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais an glanráta soláthair is infheidhme don tréimhse bhliantúil ábhartha a ríomh i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach, ag úsáid na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le mír 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, áfach, maidir le comhréireacht leis an nós imeachta buiséadach, ríomhfaidh an bainisteoir airgeadais an glanráta soláthair is infheidhme don chéad tréimhse bhliantúil trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil agus faisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

3. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais an glanráta soláthair a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a leagtar amach san Iarscríbhinn. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais ríomh an ghlanráta soláthair a chur i dteannta le measúnú ar dhálaí an mhargaidh agus le haon toimhdí ábhartha eile, mar a leagtar amach sa mhodheolaíocht a úsáidfear sa ríomh.

Airteagal 2

1. Féadfaidh an bainisteoir airgeadais an glanráta soláthair a shocrú ag 100 %, d'fhonn ceanglas Airteagal 213(1) den Rialachán Airgeadais a chomhlíonadh, chun a áirithiú go bhfuil an leibhéal cosanta in aghaidh dhliteanais airgeadais an Aontais coibhéiseach leis an leibhéal a sholáthrófaí leis na rátaí soláthair faoi seach dá ndéanfaí na hacmhainní a choinneáil agus a bhainistiú ar leithligh.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin i gcás nach mbeidh fáil iomlán ar an bhfaisnéis a bhaineann le hionstraim shuntasach ranníocaíochta sa chiste don soláthar coiteann, ar faisnéis í atá riachtanach chun an glanráta soláthair a ríomh ar bhealach stuama.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil tar éis 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Samhain 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Déanfar glanráta soláthair an chiste don soláthar coiteann a ríomh agus méid na gcaillteanas a bhfuil coinne leo agus na gcaillteanas gan choinne le haghaidh gach ionstraim ranníocaíochta agus cóimheas an éagsúlaithe á gcur san áireamh, arb ionann é agus an comhghaol idir caillteanas na n-ionstraimí ranníocaíochta, mar a leagtar amach san fhoirmle seo a leanas:

$$EPR_t = \frac{\sum_{i=1}^{N} EL_{i,t} + x_t * \sum_{i=1}^{N} UL_{i,t} * DR}{\sum_{i=1}^{N} EL_{i,t} + x_t * \sum_{i=1}^{N} UL_{i,t}}$$

I gcás ina bhfuil

EPR_t – an glanráta soláthair, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na n-acmhainní dá bhforáiltear chun glaonna ráthaíochta a íoc don bhliain *t*, dá ndéanfaí an soláthar le haghaidh ionstraimí ranníocaíochta a choinneáil agus a bhainistiú ar leithligh;

$EL_{i,t}$ – an caillteanas a bhfuil coinne leis i leith rannán *i*, don bhliain *t*, arna chinneadh ag na seirbhísí údarúcháin don rannán ábhartha agus arb ionann é agus méid na n-acmhainní is gá chun glaonna ráthaíochta a bhfuil coinne leo don bhliain *t* a chomhlíonadh;

$UL_{i,t}$ – an caillteanas gan choinne i gcás rannán *i*, don bhliain *t*, arna chinneadh ag na seirbhísí údarúcháin don rannán ábhartha agus arb ionann é agus luaineacht (diall caighdeánach) an chaillteanais a bhfuil coinne leis i leith an rannáin;

$_{i,j}$ – an rannán $\overline{1,N}$;

t – an bhliain $\overline{1,T}$, inarb ionann *T* agus saolré iomlán an rannáin ábhartha;

x_t – an chomhéifeacht choigeartaithe, arna sloinneadh mar chéatadán de $UL_{i,t}$ don bhliain *t*, lena léirítear an corrlach is gá chun luaineacht ghearrthéarmach na meastachán ar chaillteanais a chumhdach, lena soláthraítear cosaint bhreise in aghaidh leachtachta neamh-leordhóthanach;

$\rho_{i,j}$ – an mhaitrís chomhghaoil idir caillteanais an rannán aonair ar feadh shaolré na n-ionstraimí ranníocaíochta;

DR – cóimheas an éagsúlaithe, lena léirítear an difríocht idir suim chaillteanais gan choinne saolré na n-ionstraimí ranníocaíochta uile san ainmneoir agus comhchaillteanais gan choinne saolré do na rannáin uile, arna ríomh mar seo a leanas:

$$DR = \frac{\sqrt{\sum_{i=1}^{N} \sum_{j=1}^{N} UL_{i,T} UL_{j,T} \rho_{i,j}}}{\sum_{i=1}^{N} UL_{i,T}}$$

2. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais an cóimheas éagsúlaithe a ríomh don bhliain *t*, bunaithe ar ionchuir ó na seirbhísí údaraithe agus ar na meastacháin ar mhaitrís chomhghaoil.

3. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais an mhaitrís chomhghaoil idir na rannáin a chinneadh, trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ionadacha do na rannáin ag úsáid sonraí atá ar fáil go poiblí (amhail innéacsanna bannaí, innéacsanna cothromais) lena léirítear an cumhdach geografach nó earnálach do na rannáin faoi seach. Féadfaidh an bainisteoir airgeadais an mhaitrís chomhghaoil a choigeartú chun dálaí an mhargaidh agus tosca ábhartha eile a chur san áireamh.